



Cás C-63/24 [Galte]¹

K.L.

v

Migracijos departamentas prie Lietuvos Respublikos vidaus reikalų ministerijos

(Iarraidh ar réamhrialú, ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas)

Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 30 Aibreán 2025

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas tearmainn – Athbhreithniú ar an stádas cosanta coimhdí – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 12(2)(b) – Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Eisiamh ó stádas dídeanaithe – Forais – Coir thromchúiseach neamhpholaitiúil a dhéanamh lasmuigh den tír dhídine sula ligtear isteach sa tír sin mar dhídeanaí é – Tionchar an fhórais gur cuireadh an phianbhreith isteach)

1. *Rialú teorann, tearmann agus inimirce – Beartas tearmainn – Athbhreithniú ar an stádas cosanta coimhdí – Treoir 2011/95 – Eisiamh ó stádas dídeanaithe – Forais – Coir thromchúiseach neamhpholaitiúil a rinneadh lasmuigh den tír dhídine sular ligeadh isteach mar dhídeanaí é – Pianbhreith a cuireadh isteach – Iarmhairt (an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 18; Treoir 2011/95 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, aithris 4 agus Airteagal 12(2)(b))*

(féach míreanna 29-45, 47 agus an chuid oibríochtúil)

2. *Rialú teorann, tearmann agus inimirce – Beartas tearmainn – Athbhreithniú ar an stádas cosanta coimhdí – Treoir 2011/95 – Eisiamh ó stádas dídeanaithe – Gan seasamh a ghlacadh maidir le haistriú chuig an tír thionscnaimh (Treoir 2011/95 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 12(2))*

(féach mír 46)

Résumé

Ar iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas (Cúirt Riaracháin Uachtarach na Liotuáine), tugann an Chúirt soiléiriú maidir leis na tosca nach mór d’údaráis inniúla agus cúirteanna an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh agus scrúdú á dhéanamh acu an dtagann na gníomhartha arna ndéanamh ag iarratasóir ar chosaint

¹ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d’fhóirainm aon pháirtí sna himeachtaí..

idirnáisiúnta faoin bhforas le haghaidh eisiámh ó stádas dídeanaí a leagtar síos in Airteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95¹ mar gheall ar choir thromchúiseach neamhpholaitiúil a bheith déanta lasmuigh den tír dídine.

I mí Feabhra 2022, chuir K.L., náisiúnach tríú tír, iarratas ar thearmann agus cead cónaithe sealadach isteach sa Liotuáin, tar éis dó an teorainn idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis a thrasnú go neamhdhleathach. Dúirt sé gur ciontaíodh é trí huair, gan bhunús, ag údaráis a thír thionscnaimh, agus gurbh é an fhíorchúis leis na ciontuithe sin a ghníomhaíocht freasúra polaitiúil.

Mheas Migracijos departamentas prie Lietuvos Respublikos vidaus reikalų ministerijos (an Roinn Imirce in Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Liotuáine), cé go bhféadfadh K.L. a bheith faoi réir géarleanúna ina thír thionscnaimh mar gheall ar a thuairimí polaitiúla agus, dá bhrí sin, stádas dídeanaí a éileamh sa Liotuáin, go raibh gníomhartha déanta aige mar sin féin nach mór a aicmiú mar ‘choireacht thromchúiseach neamhpholaitiúil’ de réir bhrí dhlí na Liotuáine².

Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Roinn sin d’iarratas K.L. ar chosaint idirnáisiúnta, agus cead cónaithe sealadach á eisiúint aige mar sin féin, ar an bhforas go raibh toirmeasc air é a aistriú chuig a thír thionscnaimh, áit a bhféadfaí géarleanúint a dhéanamh air.

Ós rud é gur diúltaíodh don chaingean i gcoinne an chinnidh sin, thug K.L. achomharc os comhair na cúirte a rinne an tarchur. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcaithfidh údaráis inniúla agus cúirteanna an Bhallstáit lena mbaineann a chur san áireamh a chur san áireamh gur chuir an t-iarratasóir sin an phianbhreith a gearradh air i ndáil leis na gníomhartha a rinne sé nó sí isteach agus scrúdú á dhéanamh an dtagann na gníomhartha sin faoin bhforas le heisiámh ó stádas dídeanaí dá bhforáiltear in Airteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

Measann an Chúirt, ós rud é nach sainmhínítear an téarma ‘coireacht thromchúiseach’ le Treoir 2011/95, nach mór é a léiriú i gcomhréir lena ghnáthbhrí sa ghnáthchaint, agus an comhthéacs ina dtarlaíonn sí agus cuspóirí na rialacha ar cuid díobh iad á gcur san áireamh freisin.

Dá bhrí sin, sa chéad áit, i gcomhréir le gnáthbhrí na bhfocal sin, cé go dtagraíonn an focal ‘coir’ d’imthosca fíorasacha a socraíodh san am a chuaigh thart, eadhon an tráth a rinneadh an choir sin, cuirtear gné mheasúnaithe leis an gcáilitheoir ‘tromchúiseach’ a d’fhéadfadh athrú, ar an taobh eile, le himeacht ama. Dá bhrí sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh an measúnú ar thromchúis ciona a bheith difriúil tráth a rinneadh é agus tráth an scrúdaithe ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

¹ Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca leis na coinníollacha atá le comhlíonadh ag na náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát chun cosaint idirnáisiúnta a fháil, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaíthe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca le hábhar na cosanta sin (IO 2011 L 337, lch. 9). De bhun Airteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95, déanfar náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a eisiámh ó bheith ina dhídeanaí i gcás ina bhfuil cúiseanna tromchúiseacha lena mheas go ndearna an duine sin coir thromchúiseach neamhpholaitiúil lasmuigh den tír dhídine sular ligeadh isteach an duine sin mar dhídeanaí.

² Airteagal 88(2)(3) de Lietuvos Respublikos įstatymas dėl užsieniečių teisinės padėties Nr. IX 2206 (Dlí Uimh. IX-2206 ó Phoblacht na Liotuáine maidir le stádas dlíthiúil eachtrannach), an 29 Aibreán 2004 (Žin., 2004, no 73-2539), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí.

Sa dara háit, maidir leis an léiriú comhthéacsúil, faoi Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ráthaítear an ceart chun tearmainn i gcomhréir, inter alia, le rialacha Choinbhinsiún na Ginéive³, arb é bunchloch an chórais dlí idirnáisiúnta chun dídeanaithe a chosaint, mar a luaitear in aithris 4 de Threoir 2011/95. Dá réir sin, ní mór forálacha na Treorach sin a léiriú ní hamháin i bhfianaise scéim ghinearálta na Treorach sin, ach i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin freisin. I bhfianaise an róil a thugtar d’Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) leis an gCoinbhinsiún sin, baineann na doiciméid arna n-eisiúint ag UNHCR tairbhe as ábharthacht ar leith, ar dá réir nach mór a chur san áireamh gur chuir duine a ciontaíodh i gcoir thromchúiseach neamhpholaitiúil a phianbhreith isteach cheana féin.⁴

Sa tríú háit, ag cur san áireamh gur chuir an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta an phianbhreith a gearradh air mar gheall ar na gníomhartha a rinne sé isteach, ní sháraítear an cuspóir dúbailte a shaothraítear le hAirteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95. Ar thaobh amháin, ní féidir údar a thabhairt le duine a bhfuil a phianbhreith curtha isteach aige cheana féin a eisiamh ó stádas dídeanaí leis an gcuspóir cosc a chur air éalú ó dhliteanas coiriúil i leith na coire lena mbaineann. Ar an taobh eile, maidir leis an gcuspóir daoine a mheastar nach dtuillfeann siad an chosaint a ghabhann leis a eisiamh ó stádas dídeanaí, ní gá go bhfágfadh déanamh gníomhartha tromchúiseacha ag pointe áirithe i saol duine go meastar nach dtuillfeann an duine sin cosaint idirnáisiúnta, gan aird a thabhairt, go háirithe, ar a athshlánú féideartha.

Dá bhrí sin, ní mór d’údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an fíoras gur chuir an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a phianbhreith isteach a chur san áireamh agus scrúdú á dhéanamh aige ar na himthosca go léir a bhaineann go sonrach leis an gcás aonair atá i gceist. É sin ráite, ní chuireann sé sin bac, ann féin, ar chur i bhfeidhm Airteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95.

Níl an imthoisc gur chuir an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a phianbhreith isteach ach ceann amháin de roinnt imthosca nach mór a chur san áireamh chun a chinneadh an dtagann an t-iarratasóir sin faoin bhforas eisiamh sin. Chun measúnú a dhéanamh ar thromchúis an chiona atá i gceist, beidh ar an údarás inniúil scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar an gcineál gnímh atá i gceist, ar an bpionós a tabhaíodh agus a forchuireadh, ar an tréimhse atá caite ón iompar coiriúil, ar iompar an duine lena mbaineann le linn na tréimhse sin agus ar an t-aiféala atá curtha in iúl aige, i gcás inarb iomchuí.

Cinneann an Chúirt, agus scrúdú á dhéanamh acu an dtagann na gníomhartha arna ndéanamh ag iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a chomhlíonann na critéir chun stádas dídeanaí a fháil faoin bhforas le heisiamh ón stádas sin dá bhforáiltear in Airteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95, nach mór do na húdaráis agus do chúirteanna inniúla an Bhallstáit lena mbaineann, a chur san áireamh gur chuir an t-iarratasóir sin an phianbhreith a gearradh air i ndáil leis na gníomhartha a rinne sé isteach, cé nach gcuireann an fíoras sin ann féin bac ar an iarratasóir sin a eisiamh ó stádas dídeanaí faoin bhforáil sin.

³ An Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Sraith Chonarthai na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150 Uimh. 2545 (1954)).

⁴ Pointe 157 de dhoiciméad HCR/1P/4/ENG/REV.4 ó UNHCR, mí Feabhra 2019, dar teideal ‘Treoirleabhar praiticiúil maidir le stádas dídeanaí agus treoirlínte maidir le cosaint idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún 1951 agus Prótacal 1967 maidir le stádas dídeanaí’ maidir le hAirteagal 1(F)(b) de Choinbhinsiún na Ginéive, a bhfuil a théarmaí cosúil le téarmaí Airteagal 12(2)(b) de Threoir 2011/95.